C/2025/5252

26.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12102 — BANCA CF+ / BANCA SISTEMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5252)

1. An 17 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Banca CF+ Credito Fondiario S.p.A. ('Banca CF+', an Iodáil), faoi rialú Elliott Investment Management L.P. ('EIM', na Stáit Aontaithe).

— Banca Sistema (an Iodáil), cuideachta phoiblí atá liostaithe ar stocmhalartán na hIodáile agus nach bhfuil faoi rialú aon cheann dá scairshealbhóirí aonair.

Gheobhaidh grúpa Banca CF+ rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Banca Sistema ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 30 Meitheamh 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc é Banca CF+ atá dírithe ar chliaint chorparáideacha, a chuireann réitigh mhaoiniúcháin speisialaithe ar fáil i gcásanna a fheidhmíonn agus a athfheidhmíonn. Is éard atá i gceist lena phríomhthacar táirgí fachtóireacht, fáil infháltas cánach, iasachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha – ar minic a dtacaíonn cistí ráthaíochta leo – do ghnólachtaí a bhfuil riachtanais struchtúracha nó leachtachta acu.

— Is banc é Banca Sistema a thairgeann, go príomha, seirbhísí fachtóireachta do chontrapháirtithe san earnáil phoiblí, chomh maith le hiasachtaí a bhfuil tuarastail mar thaca leo ('cessione del quinto'). Téann sé i mbun gníomhaíochtaí geallbhróicéara agus gníomhaíochtaí ceantála freisin trína fhochuideachta Kruso Kapital S.p.A.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12102 — BANCA CF+ / BANCA SISTEMA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË